
**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161 BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**



Deoise na Gaillimhe
Oilithreacht na bliana go dtí Cnoc Mhuire
**Dé Domhnaigh 17ú Bealtaine**

**Bus ón :**
Ard Eaglais Gaillimh 11.00 r.n.

Agus ar ais ag fágáil Cnoc Mhuire: 5.15 i.n.

Tuille Eolas:

087 2048497
Nó
087 7573944

**Oil-**  **ithreacht na Deoise go Lourdes**
**29 Meitheamh 2026**

Féach **Clár na bhFógraí.**
Óstán €995 pps.
Airithintí/Eolas: Joe Walsh Tours, Fón:01-2410800

**Foirmeacha ar fáil Oifig an Pharóiste**



**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**
**Páidrín gach Domhnach @ 6.00i.n.**
***Fáilte roimh cách***

**AR DÍOL AR MHAITHE LE CÚRSAÍ CARTHANACHTA**

Adhmad stálaithe, gearrtha suas le haghaidh sorn

Cruach bheag móna

Ceantar an Spidéil

Féadfar glao nó téacs a chur chuig 085 8008205

(tráthnóna is fearr)




# Paróiste An Spidéil
## 5ú Domhnach den Cháisc
2ú/3ú Bealtaine 2026
An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 ***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie
Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

### ✠ *Cill Éinde, An Spidéal*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 3ú | 11.00r.n. | Fr. Mark Carr **19ú Cuimhneacháin** *Seanaghurráin/Boston*<br>Kathleen & John Joe Ó Droighneáin *Leitir Péic*<br>Éamonn Breathnach, a bhean Máire, iníon Máirín & muintir ar fad. *Sidheán*<br>Peig & Máire Breathnach & a mhuintir *Sidheán*<br>Peigín Ní Fheinneadha (Margaret Maher) *Seanaghurráin/BaileLocha Riach*<br>Mairéad & Stiofán Ó Finneadha & muintir na beirte *Páirc Láir*<br>Séamus Ó Cuille **15ú Cuimhneacháin** *Cnocán Glas*<br>Tadhg & Éilís Ó Flaithearta & beirt mhac Séamas & Máirtin Tim *Baile an tSléibhe* |
| Dé Domhnaigh | 10ú | 11:00r.n. | Mattie Keady **Céad Cuimhneachán** Seán Ó Céidigh, a bhean Áine & iníon Patricia *Bothúna/Poll*<br>Michael Walsh **Céad Cuimhneachán** a dheartháir Pádraic & muintir ar *fad* *Bothúna/Seanamhóinín*<br>Mary Kirwan *Baile an Chaisleán, Co. Laois* |

### ✠ *Cill Treasa, Ros a'Mhíl,*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Sathairn | 2ú | 6.30i.n.. | |
| Dé Sathairn | 9ú | 11.00r.n.<br>6:30i.n. | ***Céad Comaoineach Scoil Cholmcille.***<br>Kate Mhic Dhonnacha **4ú Cuimhneacháin** Barr Roisín |

### ✠ *Cill Mhuire, Na Minna*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 3ú | 9:30am | Tom & Sally Dillane *Minna* |
| Dé Domhnaigh | 9ú | 9:30am | |

**Loinneog don Iontróid** – Sm 97:1-2
Canaigí amhrán nua don Tiarna, óir rinne sé éachtaí; d'fhoilsigh sé a fhíréantacht i láthair na gciníocha.

*An Ghlóir*
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;**
**tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
A Dhia, is tríotsa a fuaireamar fuascailt agus a glacadh linn mar chlann; féach go lách ar do chlann ionúin; go dtugtar saoirse cheart, agus oidhreacht shíoraí don mhuintir a chreideann i gCríost. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

***Liotúirge an Bhriathair***

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as Gníomhartha na nAspal – 6:1-7*
Sna laethanta sin, mar go raibh líon na ndeisceabal ag méadú, tharla monabhar ag na Gréagaigh in aghaidh na nEabhrach, go rabhthas ag cur a gcuid baintreach i neamhshuim san fhriotháil laethúil. Ansin ghair an dáréag an slua deisceabal i gceann a chéile, agus dúirt: 'Ní cuí dúinne briathar Dé a fhágáil, agus a bheith ag freastal ag boird. Ar an ábhar sin, a bhráithre, cuardaígí in bhur measc seacht bhfear dhea-chlúiteacha, lán den Spiorad Naomh, agus d'eagna, a chuirfimid i mbun na hoibre seo. Ach beidh sinne de shíor ag gabháil d'urnaí, agus de fhriotháil an bhriathair.' Agus thaitin an chaint leis an slua go léir. Agus thogh siad Stiofán, fear lán de chreideamh agus den Spiorad Naomh, agus Pilib, agus Procaras agus Nicánór agus Tíomón agus Parmanas agus Nioclás, comhalta nua as an Aintíoc. Chuir siad iad seo i láthair na nAspal; agus ag guí dóibhsean, lig siad a lámha orthu.
Agus d'fhás briathar Dé, agus mhéadaigh líon na ndeisceabal i Iarúsailéim go mór; agus ghéill cuid mhór de na sagairt fosta don chreideamh.
*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**
**Salm le Freagra** – Sm 32
*Fr: Tabhair dúinn do bhuanghrá, a Thiarna,*
*de réir an dóchais a chuirimid ionat.*
1. Déanaigí gairdeas sa Tiarna, a fhíréana;
is cóir go molfadh daoine dílse é.
Molaigí an Tiarna ar an gcruit,
ceolaigí dó ar an gcláirseach dheichthéadach. *(Fr)*
2. Óir is dílis é briathar an Tiarna,
agus is iontaofa a obair uile.
Is ionúin leis an chóir is an ceart;
tá an talamh lán de bhuanghrá an Tiarna. *(Fr)*
3. Féach, tá súile an Tiarna ar lucht a eaglaithe,
orthu sin a chuireann a ndóchas ina bhuanghrá,
chun go bhfuadódh sé a n-anamacha ón mbás,
is go gcothódh sé iad in am an ghorta *(Fr)*

**An Dara Léacht** *Sliocht as céadlitir N. Peadar 2:4-9*
A chlann ionúin, is é an Tiarna an chloch bheo ar dhiúltaigh daoine dó, ach gur tofa luachmhar i láthair Dé é. Druidigí ina leith, agus déantar díbh faoi mar ba chlocha beo sibh, áras spioradálta, sagartacht naofa le híobairtí taitneamhacha a ofráil do Dhia trí Íosa Críost. Mar tá an méid seo le fáil sna scrioptúir: 'Féach go leagaim i Sión roghachloch ghlórmhar choirnéil, agus cibé a chreideann inti ní rachaidh a dhóchas amú.' Dá bhrí sin, is údar glóire daoibhse, lucht an chreidimh, é, ach do lucht an ainchreidimh is é an chloch é ar dhiúltaigh na saoir dó, agus go ndearnadh barrchloch an choirnéil de. Agus is cloch thuisle agus carraig oilbhéime é dóibh siúd a bhuaileann ina choinne, mar nár chreid siad an briathar; agus ba é an tuisliú sin ba chinniúint dóibh.
Ach maidir libhse, is cine tofa sibh, sagartacht ríoga, náisiún naofa, pobal ar leith le go bhfógródh sibh móréachtaí an té a ghlaoigh as an dorchadas amach oraibh, chun a sholais iontaigh féin.
*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
'Is mise an tSlí, an Fhírinne agus an Bheatha,' a deir an Tiarna. 'Ní thagann aon duine go dtí an tAthair ach tríomsa.'
**Alleluia!**

**Soiscéal**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Eoin – 14:1-12*
Dúirt Íosa lena dheisceabail:
'Ná bíodh buaireamh ar bhur gcroí;
creideann sibh i nDia; creidigí ionamsa leis.
Is iomaí áras i dteach m'Athar.
Mura mbeadh, d'inseoinn daoibh é.
Óir táim ag dul ag cur áite i gcóir daoibh, agus má théim agus áit a chur i gcóir daoibh, tiocfaidh mé arís agus tógfaidh mé sibh chugam féin:
i dtreo, an áit ina mbeidh mise
go mbeidh sibhse chomh maith.
Tá eolas na slí agaibh mar a bhfuilim ag dul.'
Dúirt Tomás leis: 'A Thiarna, ní heol dúinn cá bhfuil tú ag dul agus cén chaoi is féidir dúinn eolas na slí a bheith againn?' Dúirt Íosa leis:
'Is mise an tSlí, an Fhírinne agus an Bheatha.
Ní thagann aon duine go dtí an tAthair ach tríomsa. Dá mbeadh aithne agaibh ormsa,
bheadh aithne agaibh ar m'Athair chomh maith.
Tá aithne agaibh air feasta,
agus tá radharc faighte agaibh air.'
Dúirt Pilib leis: 'A Thiarna, taispeáin dúinn an tAthair agus is leor dúinn sin.' Dúirt Íosa leis: 'An bhfuilim an fhad sin aimsire, a Philib, in bhur measc agus gan aithne agat orm?
'An té a chonaic mise, chonaic sé an tAthair.
Conas, mar sin, a deir tú: "Taispeáin dúinn an tAthair"? Nach gcreideann tú go bhfuilimse san Athair agus an tAthair ionamsa? Na briathra a labhraímse libh, ní uaim féin a labhraím iad, ach an tAthair atá ina chónaí ionamsa, eisean a dhéanann na hoibreacha.
Creidigí uaimse é go bhfuilimse san Athair agus an tAthair ionamsa. Nó murab é sin, creidigí mar gheall ar na hoibreacha féin.
Amen, Amen, a deirim libh, an té a chreideann ionamsa, na hoibreacha a dhéanaimse, déanfaidh seisean iad chomh maith, agus déanfaidh sé oibreacha is mó ná iad; mar táimse ag dul chun an Athar.'
*Soiscéal an Tiarna.* **Moladh duit, a Chríost.**

*An Chré*
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,**
**agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

***Liotúirge na hEocairiste***

**Os Cionn na nOfrálacha**
A Dhia, rinne tú páirteach sinn i mbuaic na haondiagachta trí chaidreamh agus cumasc beannaithe na híobartha seo. Deonaigh, impímid ort, go ndéanfaimid an fhírinne ar ar thug tú eolas dúinn, a shaothrú leis an iompar is dual. Trí Chríost…... **Amen.**
*Rúndiamhair an chreidimh.*
**Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna, agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.**

**Iarchomaoineach**
Tabhair do chabhair lách do do phobal, impímid ort, a Thiarna. Stiúir ón seanchleachtadh anonn chun na beatha nua an mhuintir a shásaigh tú leis na rúndiamhra neamhaí. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

***An Deasghnáth Deiridh***
Go raibh an Tiarna libh.
**Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**
Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha, Alleluia, Alleluia. **Buíochas le Dia, Allelui**

**Aireacht Catechist agus Ord an Diaconachta Bhuan.**
Má airíonn tú go nglaofar ort Íosa a leanacht mar shagart deoiseach in aon cheann de na deoisí, gabh i dteagmháil leis an Athair Hugh Clifford, Ríomhphost: catechistsdeacons@clonfertgalway.ie
Nó 091637154, roimh 31 Bealtaine 2026